

# Straitéis Acadúil

*Teagasc & Foghlaim*

2021 - 2026

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway







# Clár


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 4 |
| Fís | 6 |
| Réimse Tosaíochta Straitéisí 1<br>*Ár gCultúr Foghlama* | 8 |
| Réimse Tosaíochta Straitéisí 2<br>*Ár bhFoireann a Fhorbairt agus a Chumhachtú* | 12 |
| Réimse Tosaíochta Straitéisí 3<br>*Ár dTimpeallacht Teagaisc & Foghlama* | 14 |
| Réimse Tosaíochta Straitéisí 4<br>*Ár bPobal agus lasmuigh de* | 16 |
| Réimse Tosaíochta Straitéisí 5<br>*Cultúr Feabhsaithe Cáilíochta* | 18 |
| Cur i bhFeidhm | 20 |
| Aguisín 1<br>*Achoimre ar Thréithe na gCéimithe* | 22 |
| Aguisín 2<br>*Plean Feidhmiúcháin* | 24 |

# Réamhrá

Tá athrú ó bhonn ag teacht ar an Teagasc agus ar an bhFoghlaim san Ardoideachas. Tá cuid den athrú sin ar siúl le blianta. Le deich mbliana anuas go háirithe tá béim níos mó ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim san earnáil ardoideachais go hidirnáisiúnta. Cuireadh roinnt mórthuarascálacha ar fáil ina leith seo, mar shampla iad sin ó Ghrúpa Oibre Ardleibhéil an AE ar Nuachóiriú Ardoideachais, forbairt leanúnach ar Limistéar Eorpach an Ardoideachais/Próiseas Bologna, agus staidpháipéir ó Chumann Eorpach na nOllscoileanna. In Éirinn, bunaíodh an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama, agus tá ról ceannasach glactha aige i múnlú an chláir oibre chomh maith le deiseanna maoinithe a sholáthar do nuálaíocht teagaisc agus forbairt ghairmiúil. Rinneadh athruithe eile in 2020 mar fhreagairt dhíreach ar an bpaindéim dhomhanda.

Teastaíonn meascán de scileanna taighde, cumas teagaisc agus rannpháirtíocht ghairmiúil leanúnach chun tabhairt faoi léachtóireacht sa lá inniu. Tá teagasc den scoth bunaithe ar fhéinfhorbairt agus ar mhachnamh leanúnach, ar fheabhsú an chumais teagaisc trí fhoghlaim leanúnach. De réir a chéile tá sé á shainiú mar phróiseas déthreo, áit a gcuidíonn aiseolas na mac léinn faoinár gcuid teagaisc linn an teagasc sin a fhorbairt tuilleadh.

Cuireann an gá sin le forbairt a dhéanamh i gcónaí ionchas ar an Ollscoil tacaíocht a chur ar fáil d'fhorbairt ghairmiúil na foirne acadúla, ar mhaithe leo féin agus ar mhaithe le leas na mac léinn. Is taighdeoirí díograiseacha iad formhór mór ár bhfoirne a bhfuil a gcuid teagaisc bunaithe ar an taighde a dhéanann siad. Is ollscoil muid mar go bhfuil ár gcuid teagaisc bunaithe ar ár gcuid taighde. De réir a chéile, áfach, tá seachadadh an teagaisc sin fréamhaithe i saineolas fónta oideolaíoch a chuireann leis an taighde den scoth agus an díograis thógálach a léiríonn ár bhfoireann dá gcuid oibre. Cuimsíonn sé seo an tacaíocht chúlra riachtanach ó Oifigigh Theicniúla, Foireann Tacaíochta/Ghairmiúil, agus Cúntóirí Teagaisc a chuireann ar ár gcumas ár gcláir a sheachadadh. Tá an argóint chun an saineolas oideolaíoch sin a neartú agus a leathnú doshéanta, go háirithe mar gheall ar a thionchar ar eispéireas acadúil na mac léinn.

Ba cheart gur eispéireas claochlaitheach é eispéireas na hOllscoile do gach mac léinn, idir fhochéimithe agus iarchéimithe. Chuir an Ollscoil seo roinnt tionscnamh ar bun den chéad uair le blianta beaga anuas, tionscnaimh a bhain le piarthacaíocht, scileanna scríbhneoireachta a fheabhsú, scileanna matamaitice a fheabhsú, folláine agus feasacht phearsanta agus ghnéasach, agus inbhuanaitheacht sa churaclam. Bhí roinnt tionscnamh againn a bhain le hinfhostaitheacht, scileanna céimithe, coinneáil mac léinn, cuimsiú agus inrochtaineacht. Tá an cumas ag an tionscadal An Ród seo Romhat (ASPIRE roimhe seo), ar bronnadh €7.5M air ag deireadh 2020, ár gcéimithe a athrú agus iad ag ullmhú don saol oibre agus cuirfidh an tionscadal seo leis an obair a rinneadh cheana chun ullmhacht na mac léinn don ionad oibre a chothú. Is iad na tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta atá mar bhonn eolais faoin straitéis seo, mar aon leis an gcomhthéacs idirnáisiúnta ina ndéanaimid earcú agus ina dtéann ár gcéimithe chun oibre.

Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo tacú le nuálaíocht sa teagasc agus san fhoghlaim sna cúig bliana amach romhainn, ionas go dtiocfaidh ár gcéimithe chun cinn mar smaointeoirí criticiúla ardoilte a mbeidh ról ceannasach acu inár sochaí le linn a saoil oibre, ag cur go bríomhar le folláine eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha ár sochaí agus inbhuanaitheacht ár bpláinéid. Déanfaidh siad amhlaidh le scileanna cruthaitheacha, criticiúla agus teicneolaíochta agus éiteas foirne comhoibritheach, foghlamtha agus forbartha laistigh den Ollscoil agus i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara seachtracha. Go háirithe, beidh muinín ag ár gcéimithe as a gcumas ceannaireachta agus an cion is féidir leo a dhéanamh don tsochaí.

Agus an straitéis seo á cur i bhfeidhm againn, táim tiomanta súil a choinneáil ar an dul chun cinn a dhéanfar, dul i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara, agus athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha nuair is gá. Is straitéis dhinimiciúil shofhreagrach í seo agus de réir mar a fhorbraíonn an teagasc, agus de réir mar a fhorbraíonn mionsonraí dlí a bhaineann le UDL mar shampla, déanfaimid athbhreithniú ar bhonn leanúnach uirthi. Fiú agus muid ag tosú ar an turas seo, táimid ag breathnú i dtreo na chéad chéime eile cheana féin. Táimid ag tógáil ar éachtaí a baineadh amach roimhe seo agus ag an am céanna táimid ag leagan bunsraitheanna nua le go n-éireoidh linn inniu agus sa todhchaí. Táim ag tnúth le bheith ag obair le mo chomhghleacaithe chun an straitéis seo a chomhlíonadh sna blianta amach romhainn.

**An tOllamh Pól Ó Dochartaigh,**
MRIA, FRHistS, FHEA, FRSA,
An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí.

"Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo tacú le nuálaíocht sa teagasc agus san fhoghlaim sna cúig bliana amach romhainn".



# Fís

In 2020, d'fhoilsigh an Ollscoil a *Plean Straitéiseach 2020-25: Fís i gCoiteann, Múnlaithe ag Luachanna*. Trí chomhairliúchán le pobal na hollscoile, thángthas ar shraith croí-luachanna mar atá oscailteacht, meas, barr feabhais agus inbhuanaitheacht. Tógann an Straitéis Acadúil seo ar na luachanna sin agus cuirtear béim ar an gcaoi a bhféadfaimis iad a chur i bhfeidhm trínár dteagasc agus inár bhfoghlaim ag cinntiú go bhfuil ár gcéimithe dea-oilte agus ábalta tabhairt faoi na dúshláin atá rompu agus róil éifeachtacha cheannródaíocha a bheith acu sa tsochaí.

Fiú san achar gearr ó foilsíodh Plean Straitéiseach na hOllscoile, tá an domhan athraithe de bharr na paindéime domhanda agus tá feasacht méadaithe i leith bhagairtí na héigeandála aeráide. Mar sin féin, chonaiceamar comharthaí dóchais le haghaidh todhchaí a aithníonn an luach a bhaineann le bheith ag obair le chéile chun dul i ngleic le fadhbanna comhroinnte, agus tuiscint athnuaite ar luach an oideachais agus an gá atá le tacú le taighde agus le fiosrúchán criticiúil.

Nuair a bogadh go tapa chuig teagasc ar líne tarraingíodh aird freisin ní hamháin ar acmhainneacht na dteicneolaíochtaí ach ar bhealaí éagsúla teagaisc agus foghlama, agus luach teagmhála an duine, tacaíocht fhrithpháirteach, agus an tábhacht a bhaineann le folláine choirp agus mheabhrach araon, á treisiú.

Ag foghlaim ón eispéireas seo, agus arna mhúnlú ag ár gcomhthéacs straitéiseach, tá deis againn athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcuspóirí oideachais agus ár n-éiteas bunúsach lena chinntiú go bhfuil siad ag freastal go héifeachtach ar riachtanais ár gcuid mac léinn, ár gcéimithe, agus na sochaí i gcoitinne. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis Acadúil seo, agus ag an bPlean Feidhmiúcháin a ghabhann léi, aird a tharraingt ar chuid de na príomhréimsí ar a ndíreofar ár n-aird sna blianta amach romhainn agus roinnt modhanna tacaíochta a leagan síos chun tacú le cruthaitheacht ár ndisciplíní acadúla, Scoileanna agus Coláistí ina misean teagaisc.

Déanaimid ceiliúradh ar éagsúlacht ár bhfoirne agus phobal na mac léinn agus de mheon an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe, tacaímid leis an gceart chun ardoideachais dóibh siúd go léir a bhfuil an cumas agus an tiomantas acu tabhairt faoi chlár staidéir go rathúil. Déanfaidh an Ollscoil gach a bhféadfaidh sí chun na leibhéil rannpháirtíochta is leithne is féidir a chinntiú do mhic léinn ó gach cúlra[1].

Tríd an straitéis seo a chur i bhfeidhm, déanfaimid:

- Timpeallacht agus éiteas a thógáil a chuireann ar chumas agus a thugann cumhacht dár gcuid mac léinn agus dár bhfoireann dul i mbun fiosrúchán criticiúil, cleachtas machnamhach, agus forbairt ghairmiúil, agus a chothaíonn iontas agus paisean iontu dá ndisciplíní agus dá réimsí spéise.
- A chinntiú go bhfuil ár gcláir bunaithe ar phríomhphrionsabail an dearaidh foghlama. A chinntiú go mbeidh an taithí foghlama is fearr ag mic léinn ó gach cúlra agus go bhfuil siad oilte chun dul i gcion ar an tsochaí. A chinntiú go bhfuil ár gcláir bunaithe ar léann an teagaisc agus na foghlama, agus go gcuireann an méid atá foghlamtha againn ónár nuálaíochtaí rathúla i bhfoghlaim mac léinn, cuir chuige i leith an teagaisc, agus rannpháirtíocht agus cuimsiú go mór leo.

[1] inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, claonadh gnéasach, cine, reiligiún, náisiúntacht, agus ball de phobal na dTaistealaithe







"Déanfaidh an Ollscoil gach a bhféadfaidh sí chun na leibhéil rannpháirtíochta is leithne is féidir a chinntiú do mhic léinn ó gach cúlra."

# Réimse Tosaíochta Straitéisí 1

## Ár gCultúr Foghlama






### i) Foghlaim

Tá an fhoghlaim i gcomhthéacs ollscoile bunaithe ar smaointeoireacht chriticiúil, teastaíonn rannpháirtíocht ghníomhach, mar dhuine aonair agus mar bhall de phobal foghlama araon, agus éascaíonn daoine a bhfuil baint ghníomhach acu le taighde agus le léann laistigh dá ndisciplín nó a ngairm an fhoghlaim seo. Faigheann na misin teagaisc agus taighde tacaíocht ó fhoireann ghairmiúil a bhfuil sainscileanna agus eolas acu agus atá ina mbaill lárnacha den phobal foghlama seo. Éilíonn taighde, i bhfoirm foghlaim ghníomhach, toilteanas chun dul i ngleic le smaointe agus le coincheapa dúshlánacha, triail a bhaint as rudaí éagsúla agus iniúchadh a dhéanamh, athmhachnamh a dhéanamh ar pheirspictíochtaí agus ar dhearcthaí, machnamh criticiúil a dhéanamh, agus eolas a roinnt laistigh agus lasmuigh de phobal acadúil. Ba cheart go mbeadh mic léinn in ann leas a bhaint as foghlaim i gcomhthéacs den sórt sin trí na bealaí ina n-eagraímid ár gcláir, na modhanna teagaisc agus measúnaithe, agus an chaoi a ndéanaimid na naisc idir teagasc, taighde, foghlaim, agus teagmháil leis an tsochaí i gcoitinne.

Tá ár n-oideachas ollscoile claochlaitheach toisc go gcuireann sé ar chumas na ndaoine sin a bhfuil céim bainte amach acu bláthú ina saol mar shaoránaigh agus mar ghairmithe. Cuimsíonn an t-eispéireas iomlán ollscoile turas foghlama ina bhfuil meascán de bheith eolach, de bheith ag gníomhú, agus de bheith i láthair – cur chuige iomlánaíoch, a bhfuil cur síos air inár ráitis i dtaobh tréithe céimithe.

Ionas go n-éireoidh linn i gcomhthéacs den sórt sin, is gá muinín acadúil agus ghairmiúil a fhorbairt trí scileanna foghlama éifeachtacha a fhorbairt, deiseanna a chur ar fáil chun cumais agus éachtaí a thaispeáint, agus ag an am céanna, a bheith ina bhfoghlaimeoirí uathrialacha lena mbaineann teacht aniar a aithníonn an luach san fhoghlaim ar feadh an tsaoil.



- Tacóimid le mic léinn le linn a dturas foghlama, chun a gcuid scileanna acadúla agus gairmiúla agus a muinín a fhorbairt trí thacaíochtaí foghlama cuimsitheacha agus comhtháite a chur ar fáil do mhic léinn. Gheobhaidh gach mac léinn céadbhliana, ar gach cúrsa fochéime, taithí ar an bhfoghlaim phiarchuidithe (e.g. trí CÉIM), agus forbrófar cuir chuige chomhchosúla i ndáil le pobail foghlama a chothú sna blianta deiridh dá gcláir. Mar aitheantas ar thábhacht na sláinte agus na folláine san eispéireas foghlama, glacfaidh gach mac léinn páirt i dtionscnaimh chuí maidir le toiliú, foréigean gnéasach / ciapadh a laghdú, sláinte agus folláine.
- Neartóimid an pobal léinn trí chomhpháirtíochtaí agus comhoibriú a chur chun cinn idir an fhoireann agus na mic léinn.
- Cinnteoimid go gcuimsíonn an t-eispéireas foghlama rannpháirtíocht le taighde, deiseanna foghlama san ionad oibre, socrúcháin, rannpháirtíocht phoiblí, tógáil ar na comhpháirtíochtaí agus na tionscnaimh rathúla ar fad atá cheana féin ar an bhfód.

### ii) Curaclam

Is iad dearadh ár gcuraclam agus ár gclár na bealaí trínar féidir linn mar institiúid, mar speisialtóirí disciplín, mar oideachasóirí, ár luachanna agus ár bhfealsúnacht oideachais a chur in iúl. Is éard atá i gceist leis an gcuraclam foghlaim a mhúnlú, plean a leagan amach dóibh siúd a roghnaíonn ábhar a iniúchadh agus fiosrú a dhéanamh ar cheisteanna atá tábhachtach dóibh féin agus don tsochaí. Is bealach é 'le bheith' sa domhan agus le teacht ar chosán i dturas níos faide na foghlama ar feadh an tsaoil.

Is éard is ollscoil ann pobal agus áit ina ndéantar eolas a tháirgeadh, ina gcuirtear leis agus ina roinntear é. Is san ollscoil a thagann ceistiúchán criticiúil, streachailt intleachtúil, buanseasmhacht dhírithe, agus cruthaitheacht le chéile agus, dá bharr sin, tá an cumas aici a bheith claochlaitheach dóibh siúd a ghlacann páirt iomlán inti agus a ghlacann páirt mar bhaill ghníomhacha de na pobail acadúla agus ghairmiúla as a bhfuil sí comhdhéanta.

Tá ár gcuraclaim bunaithe ar an aitheantas gur féidir agus gur chóir go mbeadh oideachas ollscoile claochlaitheach. Tá siad bunaithe ar na gnéithe a bhaineann le bheith eolach, le bheith ag gníomhú, agus le bheith i láthair. Leagann sé seo amach tréithe ár gcéimithe* agus tagann sé le luachanna na hOllscoile maidir le hoscailteacht, barr feabhais, meas agus inbhuanaitheacht. D'fhonn foghlaim a dhéanamh san ardoideachas teastaíonn iarracht mhór aonair, an gá le foghlaim chun oibriú go héifeachtach i ngrúpaí agus le páirt a ghlacadh i gcultúr piarthacaíochta, agus pobail foghlama a fhorbairt.



Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Sraith treoirlínte, polasaithe agus próiseas a fhorbairt le haghaidh cláir nua (nó athdhearadh na gclár atá ann cheana) a chuirfidh béim ar fhoghlaim, fiosrú criticiúil agus gnóthachtáil acadúil, a léireoidh ár luachanna agus éiteas institiúideach, agus a aithneoidh an chumhacht a bhaineann le torthaí comhleanúnacha cláir agus tréithe sainithe céimithe.

- Nuálaíocht i ndearadh clár a spreagadh agus tacú leis, lena n-áirítear modhanna solúbtha staidéir agus measúnaithe, socrúcháin ghairmiúla agus malartú idirnáisiúnta, cláir a fhorbraítear i gcomhpháirt le raon leathan comhpháirtithe ó earnáil na tionsclaíochta agus ón tsochaí, agus comhoibriú i measc disciplíní, Scoileanna agus Coláistí.

- Tacar beag modúl a fhorbairt ar fud na hollscoile agus iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí inar féidir iad seo a chur ar fáil do gach mac léinn beag beann ar a gcláir chéime.

- A chinntiú go mbaineann mic léinn ar ár gcláir go léir leas as foghlaim in ollscoil atá dírithe ar dhiantaighde trí dheiseanna a bheith acu scileanna taighde a fhorbairt, dul i mbun gníomhaíocht taighde, agus a bheith feasach ar phríomhréimsí an fhiosrúcháin chomhaimseartha ina ndisciplín féin.

- A chinntiú go bhfuil dearadh agus seachadadh clár den chaighdeán is airde agus is féidir agus go gcomhlíonann sé na caighdeáin iomchuí go léir le haghaidh creidiúnú gairmiúil agus go mbainfear aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta amach dá bharr.





### iii) Measúnú

Is cuid lárnach de dhearadh éifeachtach curaclaim agus cleachtas teagaisc é an measúnú. Agus é ailínithe go dlúth le torthaí foghlama luaite, aidhmeanna an chúrsa agus tréithe céimithe, ba cheart go gcuirfeadh cur chuige cuimsitheach i leith measúnaithe an bealach ar fáil do mhic léinn a n-éachtaí agus a leibhéil ghnóthachtála a léiriú. Is féidir, dá bhrí sin, measúnú a mheas, ní hamháin mar thomhas deiridh ar fheidhmíocht faoi dhálaí diana tástála, ach freisin, mar raon leathan uirlisí agus modhanna a chuidíonn le mic léinn monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn féin, a gcuid scileanna a thaispeáint, agus a gcuid foghlama a chur in iúl.

Chuir an t-aistriú éigeandála chuig teagasc ar líne le linn COVID-19 béim ar a thábhachtaí atá dearadh measúnaithe san ardoideachas agus an gá atá le machnamh a dhéanamh ar na hathruithe fadtéarmacha is gá a dhéanamh chun an córas a athnuachan, teacht aniar a chur san áireamh, agus a chinntiú go bhfuil ár modhanna láidir, inbhuanaithe, éifeachtach, agus go léiríonn siad ár n-uaillmhianta institiúideacha barr feabhais agus nuálaíochta. Chuir sé comhthéacs ar fáil freisin ina raibh go leor nuálaíochta agus oscailteachta maidir le smaointe nua ina n-úsáidfimid réimse modheolaíochtaí measúnaithe.

Trí leas a bhaint as cineálacha measúnaithe atá iontaofa agus a bhfuil sé mar aidhm acu 'torthaí' a fhorbairt (e.g. páipéir, caibidlí leabhair, físeáin, táirgí cruthaitheacha, léiriúcháin/imeachtaí, gairis, bogearraí, portfóilíonna etc.), a bhfuil níos mó i gceist leo ná gráid a bhronnadh, is féidir rannpháirtíocht níos mó a spreagadh i measc na mac léinn agus aidhm shoiléir a thabhairt dóibh. Dá bharr seo beidh torthaí maithe le tuairisciú lena n-áirítear bród i measc na mac léinn agus tuiscint go bhfuil rud éigin fiúntach bainte amach acu. Trí bhéim a chur ar mheasúnú mar thomhas leanúnach ar fhéinfheabhsú, agus aiseolas múnlaitheach a bheith ar fáil ó shaineolaithe ábhair agus a bpiaraí, is féidir cuidiú freisin leis an imní a bhaineann le scrúduithe deiridh tábhachtacha nach mbíonn feicthe cheana a laghdú. Tá measúnú, aiseolas, agus iarracht chun féinfheabhsú lárnach don fhoghlaim rathúil.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Tabharfaimid faoi thionscadal mór, claochlaitheach ar chleachtais mheasúnaithe ar fud na hinstitiúide. Áireofar leis seo: raon na gcur chuige a úsáidtear a éagsúlú, tacú le húsáid an mheasúnaithe ar leibhéal an chláir, feabhas a chur ar litearthacht na mac léinn i ndáil le measúnú agus aiseolas, úsáid an mheasúnaithe bharántúil a chur chun cinn, scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe d'uainiú agus de mhéid an mheasúnaithe, ailíniú a mhapáil le torthaí foghlama agus modhanna teagaisc, agus athbhreithniú á dhéanamh freisin ar ár bpolasaithe agus ár bpróisis maidir le sláine acadúil.

- Cur chuige portfóilió maidir le foghlaim agus measúnú mac léinn a reáchtáil ar bhonn píolótach (agus na riachtanais a bhaineann leis a scrúdú), áit ar féidir le mic léinn ábhair a chuir siad ar fáil le haghaidh measúnaithe a bhailiú, a chur i dtoll a chéile agus machnamh a dhéanamh orthu, mar chuid dá dturas foghlama, trí obair thionscadail, agus a gcumais agus a scileanna infhostaitheachta a thaispeáint.



# Réimse Tosaíochta Straitéisí 2

## Ár bhFoireann a Fhorbairt agus a Chumhachtú





Cuid lárnach de chláir acadúla ar ardchaighdeán is ea tiomantas, cruthaitheacht agus gairmiúlacht na ndaoine a dhearann agus a mhúineann na cláir seo. Agus é seo á aithint, feicimid forbairt ghairmiúil i réimsí an Teagaisc, na Foghlama agus an Mheasúnaithe, agus i gcleachtas acadúil níos leithne, mar rud atá riachtanach dár bhfoireann, ní hamháin ag tús a ngairmeacha beatha, ach ar bhonn leanúnach freisin ar feadh a saoil oibre gairmiúla. Is iad na hinstitiúidí sin, arb iad is fearr atá in ann a dtaighde, a dteagasc agus a misin don tsochaí a chomhtháthú, is fearr atá in oiriúint aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair an domhain anois.

Tá gá ar leith lena chinntiú go gcuirtear oiliúint agus tacaíocht tosaigh ar fáil do gach comhalta foirne nua teagaisc (lena n-áirítear trí mheantóireacht laistigh dá Scoil/Coláiste). Mar an gcéanna, cuireann an Ollscoil luach ard ar chleachtas machnamhach agus ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach na ndaoine sin atá bunaithe cheana féin ina ngairm. Tacófar le roinnt róil shonracha laistigh den Ollscoil, go háirithe iad siúd a bhaineann le ceannaireacht nó bainistíocht clár, disciplíní nó scoileanna, trí oiliúint agus meantóireacht bhreise. Is féidir aghaidh a thabhairt ar na gnéithe seo go léir trí chreat cuimsitheach forbartha gairmiúla, a aithníonn go dteastaíonn cur chuige comhpháirtíochta thar réimse róil foirne éagsúla lena n-áirítear acadúil, riarachán, teicniúil, mar aon le seirbhísí tacaíochta agus gairmiúla eile ionas gur féidir clár a sheachadadh go rathúil.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Clár forbartha gairmiúla den scoth a fhorbairt, a acmhainniú agus a sheachadadh i dteagasc, i bhfoghlaim agus i gcleachtas acadúil, bunaithe ar chreat solúbtha agus comhtháite (bunaithe ar chaighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta) a chomhtháthaíonn le dul chun cinn gairme, deiseanna ardaithe céime, róil cheannaireachta, agus samhlacha ualaigh oibre.
- A chinntiú go bhfuil rochtain ag comhaltaí foirne i róil ábhartha tacaíochta gairmiúla agus acadúla ar dheiseanna forbartha gairmiúla a bhaineann leis an gcreat seo.
- Tacaíocht a chur ar fáil do chomhaltaí foirne a bhfuil an cumas agus an fonn orthu múineadh trí Ghaeilge é sin a dhéanamh má bhíonn deis nó scóip ann laistigh dá réimse disciplín.
- Na tairbhí a bhaineann leis an infheistíocht i dtionscadal Chonairí Digiteacha na Mac Léinn a uasmhéadú chun a chinntiú go bhfeidhmíonn córais den sórt sin mar chumasóir nuálaíochta agus go ndéanann siad na hualaí riaracháin a bhaineann le cláir acadúla a laghdú go suntasach.



# Réimse Tosaíochta Straitéisí 3

## Ár dTimpeallacht Teagaisc & Foghlama





Tá trí ghné idirnasctha ag baint leis an timpeallacht ina ndéanaimid teagasc agus foghlaim in ollscoil nua-aimseartha: an ghné fhisiciúil, an ghné dhigiteach agus an ghné shóisialta/chultúrtha. Tugtar aghaidh ar an tríú ceann díobh seo fud fad na straitéise seo sna tagairtí do ghnéithe d'éiteas, prionsabail, tacaíocht na foghlama, ár rannpháirtíocht leis an domhan mór, agus léiriú ár luachanna institiúideacha trí chéile.

Rinneadh forbairt, leathnú agus athchumrú tapa ar an timpeallacht dhigiteach le blianta beaga anuas. Leathnaíodh modhanna teagaisc chun modhanna ar líne, cumaiscthe agus hibrideacha a chuimsiú, chomh maith le cúrsaí ar an gcampas ina bhfuil an teicneolaíocht in úsáid ar bhealach níos fearr.  Tá gá le pleanáil chúramach, infheistíocht mharthanach, agus tiomantas do nuálaíocht i dtimpeallacht teagaisc le hacmhainní maithe (fisiciúil agus digiteach araon) chun deiseanna i ndáil le foghlaim fheabhsaithe agus rannpháirtíocht níos leithne a chur ar fáil.

Tá sé ríthábhachtach go bhfeabhsóidh an Ollscoil na timpeallachtaí fisiciúla agus digiteacha ní hamháin chun cos a choinneáil leis an athrú ar fud na hearnála, ach freisin chun ceannas a ghlacadh agus nuálaíocht a chur chun cinn, ag cinntiú go mbaineann ár gcuid mac léinn ní hamháin leas as áiseanna agus acmhainní ar ardchaighdeán, ach go gcuireann siad leis an athrú níos fadtéarmaí ar ár gcampais agus ar an spás fíorúil a bhfuilimid ag maireachtáil ann. Tá gach ball de phobal na hOllscoile in ann ról a imirt i múnlú ár dtodhchaí trí ionadaíocht agus comhairliúchán ar mhórchinntí. Tá sé ríthábhachtach freisin go dtabharfar cluas éisteachta dóibh siúd a mhúineann agus dóibh siúd a fhoghlaimíonn faoin gcaoi a ndéantar ár dtimpeallachtaí fisiceacha agus digiteacha a fhorbairt agus a fheabhsú.

Éilíonn claochlú den sórt sin ionaid teagaisc nua a athdhearadh agus ionaid nua a thógáil chun ár gcuspóirí oideachais a bhaint amach agus chun freagairt do riachtanais múinteoirí agus foghlaimeoirí. Trí chlár athchóirithe agus forbartha, tiocfaidh portfóilió de chineálacha éagsúla spásanna chun cinn de réir a chéile in ionad dhearadh agus struchtúir thraidisiúnta an tseomra ranga. Áireofar leis na spásanna sin cinn atá solúbtha, inoiriúnaithe agus feistithe le teicneolaíochtaí nua d'fhonn rannpháirtíocht foghlaimeora níos mó a chothú.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Sainaithneoimid, trí nuashonrú ar an athbhreithniú ar spásanna teagaisc a rinneadh le déanaí, deiseanna chun ár spásanna teagaisc agus foghlama a athdhearadh agus a athleagan amach chun a chinntiú go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais na mac léinn agus na ndaoine a mhúineann iontu, go léiríonn siad úrscothacht sa teicneolaíocht agus sa leagan amach, agus go ndéanfaidh siad modhanna teagaisc agus foghlama níos solúbtha, níos comhoibrithí, níos idirghníomhaí agus níos nuálaí a chumasú.

- Timpeallacht foghlama digití a dhearadh, a chumrú agus tacú léi ina gcuimsítear an raon leathan uirlisí agus córas atá riachtanach chun an teagasc agus an fhoghlaim a chur ar fáil ar bhealach inbhuanaithe agus cuimsitheach, agus mar bhunús chun cineálacha nua oideolaíochta a nuáil agus a fhiosrú, atá indéanta de bharr na timpeallachta seo.

- Beart a dhéanamh de réir ár ngealltanas do thionscadal an Ionaid Foghlama chun spás foghlama claochlaitheach agus leabharlann nua a chur ar fáil i gcroílár ár gcampais, agus iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna eile chun spásanna foghlama agus acmhainní staidéir a fhorbairt ar fud na hinstitiúide.



# Réimse Tosaíochta Straitéisí 4

## Ár bPobal agus lasmuigh de





Tuigeann Ollscoil na Gaillimhe gur ar leas an phobail é an t-ardoideachas, agus gurb é ról na hinstitiúide freastal ar a pobal agus ar an tsochaí i gcoitinne. Is é an aidhm atá againn go rachaidh gach céimí i gcion ar an domhan, cibé acu trína g(h)airm, mar shaoránach gníomhach freagrach, nó trí éachtaí i réimsí an chultúir, na n-ealaíon nó na heolaíochta.

Tá sé de phribhléid ag an Ollscoil a bheith lonnaithe i nGaillimh, is mór aici an ceangal atá aici leis an gceantar máguaird, agus is mór an onóir di an dualgas stairiúil atá uirthi an Ghaeilge a chosaint agus a chur chun cinn. Táimid áitiúil agus domhanda ag an am céanna, ag nascadh iarthar na hÉireann leis an Eoraip agus níos faide i gcéin trínár gcomhpháirtíochtaí, ár gcomhoibrithe, agus ár bpobal éagsúil foirne agus mac léinn. Cuireann an tionscadal ENLIGHT, Global Galway, agus tionscnaimh a fhaigheann tacaíocht ó Ghrúpa Ollscoileanna Coimbra, agus Cumann Eorpach na nOllscoileanna, deiseanna luachmhara ar fáil dár gcuid mac léinn, comhaltaí foirne agus curaclam.

Déanaimid nasc le hearnálacha an ghnó agus na tionsclaíochta trí thaighde agus forbairt agus trí fhostaíocht iarchéime agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Is tionscnamh mór é an tionscadal An Ród seo Romhat (ASPIRE roimhe seo) a éascóidh neartú na nasc sin, lena n-áirítear an fhéidearthacht cúrsaí agus cláir nua a chomhchruthú, a thacóidh le forbairt na fiontraíochta agus na ceannaireachta i measc ár gcuid mac léinn, agus a thabharfaidh scóip níos mó do phobail phiarfhoghlama mac léinn agus do chomhoibriú trasdisciplíneach.

Múnlóidh freagairt an domhain ar an éigeandáil aeráide agus ar bhagairtí comhshaoil eile caighdeán beatha gach duine ar fud an phláinéid sna blianta amach romhainn. Beidh cónaí ar ár gcéimithe i ndomhan ina mbeidh na dúshláin seo lárnach agus ina gcuirfidh siad isteach ar go leor gnéithe dá saol. Tá dualgas morálta agus eiticiúil orainn, mar institiúid foghlama agus taighde, freagra a thabhairt ar an mbealach is fearr is féidir linn do na cúinsí seo trínár ngníomhartha mar eagraíocht agus sa chaoi a n-ullmhaimid ár gcéimithe. Is í Straitéis Inbhuanaitheachta na hOllscoile an chéad chéim shuntasach agus baineann go leor de na gníomhartha a mholtar léi le teagasc agus le foghlaim.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- A chinntiú go gcothaíonn ár gcláir go léir smaointeoireacht chriticiúil, fiontar agus cruthaitheacht agus go bhfreastalaíonn tréithe na gcéimithe ar riachtanais na mac léinn féin, iad siúd a bheadh ag iarraidh iad a fhostú, agus an tsochaí níos leithne.
- An éigeandáil aeráide agus dúshláin chomhshaoil agus shochaíocha eile a aithint, trí thiomantas a thabhairt do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus é seo a léiriú trínár gcuraclaim agus ár dtairiscintí comhchuraclaim do mhic léinn.
- An curaclam a idirnáisiúnú inár misean chun saoránaigh dhomhanda a chruthú.
- Ár naisc le alumni, institiúidí comhpháirtíochta, earnáil an ghnó agus na tionsclaíochta, seirbhísí poiblí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus comhlachtaí gairmiúla a neartú trí chomhpháirtíochtaí doimhne, comhoibríocha, socrúcháin do mhic léinn, comhchruthú curaclaim, agus cur le dioscúrsa poiblí.
- An éagsúlacht a cheiliúradh agus a leabú trí raon tionscnamh do gach ball de phobal na hOllscoile. Áireofar leis seo: (i) rannpháirtíocht i gcomhpháirtíochtaí, i malartú agus i socrúcháin oibre idirnáisiúnta a spreagadh; (ii) cultúr fáilteach a chruthú d'fhoireann agus do mhic léinn ó chúlraí socheacnamaíocha agus cultúrtha éagsúla; (iii) ardú feasachta agus oiliúint a chur ar fáil maidir le cumarsáid idirchultúrtha, comhbhá agus éagsúlacht; agus (iv) a chur ar chumas gach duine tairbhe a bhaint as gnéithe sainiúla na Gaillimhe agus Iarthar na hÉireann, lena n-áirítear an teanga, an cultúr, na healaíona agus ár dtimpeallacht nádúrtha.
- Raon na gcúrsaí a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge a leathnú agus deiseanna a chur ar fáil do gach duine ar mian leo an Ghaeilge a fhoghlaim nó a fheabhsú.



# Réimse Tosaíochta Straitéisí 5

## Cultúr Feabhsaithe Cáilíochta





Tá Ollscoil na Gaillimhe tiomanta le fada d'eispéireas acadúil den scoth, atá bunaithe ar thaighde, a chur ar fáil dá phobal mac léinn, agus tá rún ag an bhfoireann agus ag na mic léinn tionchar measúil, oscailte agus inbhuanaithe a imirt ar an tsochaí, go háitiúil agus go domhanda. Tá ár gcuid gníomhaíochtaí uaillmhianach, teastaíonn fuinneamh comhchoiteann lena gcur i gcrích agus, cibé teagasc, taighde nó seirbhísí gairmiúla atá i gceist, tá siad ceangailte le chéile le snáithe coitianta – an Cháilíocht, ar féidir a shainmhíniú mar iarracht aonair agus chomhchoiteann i dtreo barr feabhais. Tá sé mar aidhm againn cultúr institiúideach a chruthú ina mbeidh an cháilíocht mar phrionsabal, agus a threoróidh próiseas claochlaithe agus feabhsúchán leanúnach.

Soláthraíonn ár gCreat Cáilíochta próiseas machnaimh, cuntasachta agus aitheantais ar an scóip le haghaidh feabhsúchán leanúnach chun oideachas den chéad scoth a chinntiú. Trí chroíluachanna na hOllscoile – Meas, Oscailteacht, Barr Feabhais agus Inbhuanaitheacht – caithfidh an creat tacú le timpeallacht oscailte a bhfuil meas aici ar an daonlathas agus ar dhíospóireacht agus a thugann cluas éisteachta do ghuthanna na foirne agus na mac léinn. Caithfidh sé luach a chur ar theagasc den scoth seachas saineolas acadúil agus neart taighde amháin. Caithfidh sé a chinntiú go bhfuil ár gcláir uile ar na caighdeáin is airde agus go gcomhlíonann siad riachtanais gníomhaireachtaí náisiúnta mar an QQI, an ÚAO, agus riachtanais na gcomhlachtaí gairmiúla iomchuí, agus go dtagann ár gcláir le prionsabail Bologna, an Creat Náisiúnta agus Eorpach Cáilíochtaí, inaistritheacht agus soghluaisteacht.

Tá ár struchtúir, róil agus freagrachtaí institiúideacha ag teacht le coincheap na comhfhreagrachta maidir le cáilíocht agus caighdeáin agus cinntíonn ár gcreataí rialachais agus rialála institiúideacha maoirseacht, freagrúlacht agus solúbthacht iomchuí chun barr feabhais a bhaint amach inár dteagasc, inár dtaighde agus i ngníomhaíochtaí eile.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Ár gCreat Cáilíochta agus ár bpróisis reatha a neartú chun tacú leis an Ollscoil agus iad a threorú chun cultúr trédhearcachta, cuntasachta agus feabhsúcháin leanúnaigh a chinntiú.
- Caighdeán ár n-oideachais a neartú chun clár barr feabhais oideolaíoch a chur ar fáil a nascann go ciallmhar lenár dtaighde trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach sa teagasc agus trí aitheantas a thabhairt do bharr feabhais sa teagasc mar thosaíocht.
- Cur le hionchur agus le rannpháirtíocht na mac léinn i ndearadh agus athbhreithniú curaclaim, próisis cháilíochta agus mhonatóireachta a bhaineann le teagasc, foghlaim, agus eispéireas níos leithne na mac léinn, agus coincheap na mac léinn mar chomhpháirtithe mar aon le guth an mhic léinn a leabú i meastóireacht agus in athbhreithniú ar chúrsaí.

# Cur i bhFeidhm



Déanfaidh Coiste Teagaisc agus Foghlama na hOllscoile maoirseacht ar an straitéis seo. Tabharfaidh an Plean Feidhmiúcháin gaolmhar breac-chuntas ar sheachadadh na ngníomhartha comhaontaithe atá ag teacht le *Fís i gCoiteann, Múnlaithe ag Luachanna – Straitéis 2020-25*. Cuirfear tús leis an gcéad athbhreithniú ar dhul chun cinn i bhfómhar na bliana 2023. Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe seo beidh deis ann gníomhartha ar leith a athbhreithniú agus a leasú agus an straitéis a oiriúnú más gá mar gheall ar chúinsí athraitheacha. Beidh aon athruithe beartaithe den sórt sin faoi réir cás foirmiúil a bheith déanta agus faofa ag an gCoiste Teagaisc agus Foghlama agus ag an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí.

D'eascair príomhchuspóirí na straitéise seo as plé agus díospóireachtaí a bhí ar siúl ag cruinnithe den Choiste Teagaisc agus Foghlama, na cúig ghrúpa oibre chomh maith le haiseolas ó na ceithre Choláiste. Cuimsítear sa Phlean Feidhmiúcháin gaolmhar mionsonraí ar ghníomhartha agus ar nithe insoláthartha chun príomhspriocanna na straitéise seo a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, áirítear leis seo obair atá á déanamh ag raon grúpaí, aonad agus tionscadal le linn na tréimhse seo a bhfuil dlúthbhaint acu leis an straitéis seo. I measc na dtionscadal sin tá Conairí Digiteacha na Mac Léinn, an Ród seo Romhat, agus an Straitéis Rathúlachta do Mhic Léinn.

# Aguisín 1
# Achoimre ar Thréithe na gCéimithe

Tá Ráitis Ollscoil na Gaillimhe i dtaobh Tréithe Céimithe ag Leibhéal Ollscoile, arna faomhadh ag an gComhairle Acadúil in 2015, leagtha amach anseo thíos.

Cuireann Ollscoil na Gaillimhe deiseanna ar fáil, trína cláir fhoirmiúla agus trí thaithí níos leithne na mac léinn, chun réimse leathan eolais, scileanna agus meoin a fhorbairt.

I measc na dtréithe is féidir le mac léinn rathúil agus atá gníomhach go hiomlán ina c(h)uid staidéir a fhorbairt in Ollscoil na Gaillimhe tá:

**Eolas**

- Éachtaí agus saineolas acadúil
- An cumas dúshláin agus fadhbanna nua a réiteach

**Scileanna**

- An cumas ciall a bhaint as faisnéis chasta ó réimse foinsí
- Scileanna cumarsáide i réimse comhthéacsanna, stíleanna agus meán
- Obair bhuíne, comhoibriú agus ceannaireacht éifeachtach
- Cruthaitheach, fiontraíoch agus seiftiúil

**Meon**

- Freagracht phearsanta agus tiomantas don fhoghlaim ar feadh an tsaoil
- Luach a chur ar chaighdeáin eiticiúla agus ghairmiúla, ionracas, freagracht agus saoránacht mhaith
- Meas ar an tábhacht a bhaineann le háit, féiniúlacht agus cultúr i gcomhthéacs domhanda





# Aguisín 2
# Plean Feidhmiúcháin

- Bunaithe ar mholtaí ó na grúpaí oibre éagsúla agus ar aiseolas ó na Coláistí, chomh maith le tionscnaimh atá beartaithe cheana féin sa tréimhse ama seo agus a bhaineann le teagasc agus foghlaim.

## Réimse Tosaíochta Straitéisí 1 – Ár gCultúr Foghlama

### i) Foghlaim

| Gníomh | Cur síos | Torthaí | Comhpháirtithe | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|---|
| **L1** Gach mac léinn fochéime sa chéad bhliain le páirt a ghlacadh i bhfoghlaim phiarchuidithe. | CÉIM a leathnú chun gach clár ar fud na hinstitiúide a chlúdach. | Cuireann sé bainistíocht ghníomhach ar a gcuid foghlama féin chun cinn, forbraíonn muintearas, oiriúnú níos fearr d'AO, coinneáil, dul chun cinn, feidhmíocht agus sástacht. | An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí (DPR), na Coláistí, Seirbhísí do Mhic Léinn, Comhaltas na Mac Léinn | Na Coláistí | Acmhainn a mhéadú de réir a chéile thar thréimhse iomlán na straitéise. |
| **L1a** Úsáid níos leithne a bhaint as Foghlaim Phiarchuidithe, pobail foghlama, agus cuir chuige cosúil le blianta eile a spreagadh nuair is cuí. | Tionscnaimh atá ann cheana a fhorbairt agus smaoineamh ar mhúnlaí disciplín-bhunaithe nó féinspreagtha do mhic léinn sna blianta ina dhiaidh sin a bhfuil taithí acu ar CÉIM. Foghlaim Phiarchuidithe a fhorbairt do mhic léinn iarchéime tríd an tionscadal píolótach meantóireachta PGR a fhorbairt. | Féinriail an fhoghlaimeora, féintreoir, comhoibriú agus torthaí acadúla a fheabhsú. | DPR, na Coláistí, Seirbhísí do Mhic Léinn, Comhaltas na Mac Léinn, Staidéar Iarchéime | Na Coláistí | Acmhainn a mhéadú de réir a chéile thar thréimhse iomlán na straitéise. |
| **L2** Seirbhís tacaíochta foghlama chomhtháite do mhic léinn a fhorbairt agus a sholáthar. | Obair an Ionaid Scríbhneoireachta Acadúla, SUMS, CÉIM, an Ionaid Scileanna Acadúla, PUPS, na Leabharlainne, Seirbhísí do Mhic Léinn, agus tacaíochtaí eile a cheangal le chéile agus bogadh ó bheith ag brath ar mhaoiniú tionscadail agus gearrthéarmach. | Coinneáil, feidhmíocht, dul chun cinn, sástacht agus leibhéil mhuiníne níos fearr do mhic léinn. Comhghleacaíocht agus comhoibriú níos fearr thar raon seirbhísí agus ailíniú leis an bpríomh-mhisean acadúil. | DPR, Seirbhísí do Mhic Léinn, Staidéar Iarchéime | DPR/Déan na Mac Léinn | |

| Gníomh | Cur síos | Torthaí | Comhpháirtithe | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|---|
| **L2a** Scileanna foghlama na mac léinn agus muinín acadúil agus ghairmiúil a fhorbairt. | Toradh ar eispéireas CÉIM, modúil scileanna na chéad bhliana, tacaíochtaí foghlama (L2a), deiseanna oiliúna, agus taithí laistigh den chlár staidéir. | Muinín níos mó ag an bhfoghlaimeoir, feidhmíocht níos fearr, agus scileanna chun tacú le foghlaim neamhspleách. | Na Coláistí/ Scoileanna, Seirbhísí do Mhic Léinn, an Ród seo Romhat, an Leabharlann | Na Coláistí | |
| **L2b** A chinntiú go mbaintear amach spriocanna Straitéis Rathúlachta na Mac Léinn. | An obair go dtí seo i bhforbairt Straitéis Rathúlachta na Mac Léinn a sheachadadh, a mheas agus a fhorbairt. | Straitéis mhionsonraithe agus plean feidhmiúcháin le haidhmeanna agus spriocanna sonracha. Méadú ar rath, muinín agus teacht aniar na mac léinn. | Seirbhísí do Mhic Léinn, na Coláistí, Comhaltas na Mac Léinn | Déan na Mac Léinn | Straitéis/Plean Feidhmiúcháin críochnaithe faoi Mheán Fómhair 2022. Le cur i bhfeidhm sa tréimhse iomlán. |
| **L2c** Oiliúint mheabhairsh-láinte, folláine agus sláinte gnéis/toilithe a sholáthar do mhic léinn. | A aithint go bhfuil folláine phearsanta ríthábhachtach do mhic léinn chun a gcuspóirí foghlama a bhaint amach. | Tionscnaimh ardaithe feasachta curtha san áireamh i seisiún eolais na mac léinn, leibhéil churaclaim agus seach-churaclaim; Feasacht a ardú, oideachas agus oiliúint do cheannairí mac léinn/comhaltaí foirne. Muinín agus scileanna feabhsaithe, an cumas cúnamh a lorg, agus an cumas tacú le daoine eile. | Na Coláistí & Scoileanna, Seirbhísí do Mhic Léinn, Grúpa an Chreata Toilithe, EDICC, an Coiste Teagaisc & Foghlama | Déan na Mac Léinn / Seirbhísí do Mhic Léinn | |
| **L3-C6** Naisc láidre a chruthú idir teagasc, foghlaim agus taighde trí eispéireas foghlama na mac léinn, modhanna teagaisc agus measúnaithe, agus deiseanna eile. | Raon cur chuige a chur i bhfeidhm, is fearr a oireann do na réimsí disciplín agus na comhthéacsanna áirithe, ar féidir samplaí díobh a fháil in Healy et al agus cás-staidéir den chineál céanna i raon institiúidí. (Léiríonn an lipéad go bhfuil baint aige freisin le réimse an Churaclaim) | Beidh taithí ag gach mac léinn ar thaighde nó ar ghníomhaíochtaí taighde mar chuid dá gclár staidéir. Forbairt scileanna taighde, agus eolas ar cheisteanna/ saincheisteanna taighde comhaimseartha laistigh dá réimse/réimsí roghnaithe. | An Leas-Uachtarán Taighde, Ionaid agus Grúpaí Taighde, na Coláistí & Scoileanna | Déan na Mac Léinn/Taighde | |





## ii) Curaclam

| Gníomh | Cur síos | Torthaí | Comhpháirtithe | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|---|
| **C1** Polasaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le cláir nua a dhearadh agus a fheidhmiú. | Cuimsíonn an polasaí seo tagairt do phríomhghnéithe de Dhearadh Foghlama agus próisis fhoirmiúla a leagan amach chun cláir nua atá beartaithe a bhailíochtú, ag soláthar foirmeacha cuí, scálaí ama, etc. | Polasaí maidir le cláir a dhearadh agus a fheidhmiú. Faofa agus curtha i bhfeidhm. | An Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla, an Coiste Teagaisc & Foghlama, an Chlárlann, an Oifig Feabhais, na Coláistí, Staidéar Iarchéime | An Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla | Faofa faoi Nollaig 2021. Curtha i bhfeidhm ina dhiaidh sin. |
| **C1a** Treoirlínte agus ábhair oiliúna a sholáthar agus a fhoilsiú ar ghnéithe de dhearadh foghlama agus ar dhea-chleachtas i mbainistiú clár. | Cuirfidh siad seo acmhainní ar fáil d'fhoirne cláir agus do scoileanna chun iad a threorú tríd an bpróiseas deartha clár agus cúrsaí ollscoile ar ardchaighdeán. Cuirfear gnéithe sainiúla a d'ardaigh na Grúpaí Oibre (e.g. struchtúir chúrsa sholúbtha, modúil roghnacha, ailíniú, modhanna measúnaithe, úsáid acmhainní ceadúnaithe oscailte, etc.) san áireamh sna hábhair seo. | Treoirlínte, lámhleabhar, agus ábhair oiliúna ar líne. | CELT, an Chlárlann, Staidéar Iarchéime | CELT | Croí-ábhair críochnaithe faoi Mheán Fómhair 2022. Ábhair eile curtha ar fáil le linn thréimhse na straitéise. |
| **C1b** Prionsabail UDL a chur chun cinn sa dearadh cláir agus cleachtas teagaisc agus na riachtanais inrochtaineachta a chomhlíonadh. | Clár oiliúna UDL a chur i bhfeidhm ar bhonn níos fairsinge, prionsabail a chur i bhfeidhm i dtreoirlínte agus straitéisí dearaidh. Athbhreithniú ar na teicneolaíochtaí atá ar fáil chun tacú le riachtanais éagsúla foghlaimeoirí. Iarracht a dhéanamh caighdeáin inrochtaineachta a bhaint amach. | Oiliúint UDL a chur i gcrích. Treoirlínte, comhairle agus seicliostaí a sholáthar. Teicneolaíochtaí a bheith ar fáil chun tacú le riachtanais éagsúla foghlaimeoirí. Riachtanais inrochtaineachta a chomhlíonadh. | CELT, DSS, Seirbhísí do Mhic Léinn, an Leabharlann, an Coiste Inrochtaineachta | An Coiste Teagaisc & Foghlama | |
| **C2** Déanfaidh na Coláistí athbhreithniú ar a bportfóilió clár agus aithneoidh siad deiseanna feabhsúcháin, daingnithe, féideartachtaí clár nua, agus déanfaidh siad struchtúir a athbhreithniú. | An deis a thapú cláir a athbhreithniú chun bainistíocht oibríochta a fheabhsú chomh maith le curaclaim a athbhreithniú le béim ar ghnéithe cosúil le socrúchán, idirnáisiúnú, scóip chun modúil roghnacha ar leibhéal na hollscoile a chur san áireamh, nasc níos láidre le spéiseanna agus gníomhaíochtaí taighde, struchtúir clár agus modhanna seachadta solúbtha, saincheisteanna uilechuimsitheachta agus UDL, tréithe agus scileanna céimithe, naisc le hearnáil na tionsclaíochta agus le heagraíochtaí eile, agus nuálaíochtaí teagaisc. | Tairiscintí agus oibríochtaí cláir athbhreithnithe/ feabhsaithe. | Na Coláistí, DPR, an Chlárlann, CELT, an Oifig Feabhais, Comhaltas na Mac Léinn | Déin na gColáistí | Leanúnach, ach le tuar-ascálacha stádais curtha ar fáil don athbhreithniú meántéarmach (2023-24). |

| Gníomh | Cur síos | Torthaí | Comhpháirtithe | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|---|
| **C3** Roinnt modúl roghnach/ micrea-dhintiúr ag leibhéal ollscoile ar phríomhábhair leasa leathana a dhearadh, a fhorbairt agus a sheachadadh. | Sraith bheag modúl ollscoile a fhorbairt (i.e. gan aon réamhriachtanais, nó gan mórán réamhriachtanas agus oscailte do mhic léinn in aon Choláiste) ar phríomhábhair mar Inbhuanaitheacht agus na SDGanna, ceannaireacht agus comhoibriú, scileanna agus infhostaitheacht, saincheisteanna a bhaineann leis an tsochaí, agus réimsí aitheanta eile. Scóip a iniúchadh chun na modúil seo a éascú laistigh de struchtúir an chláir nó cineálacha cur chuige eile, agus riachtanais/srianta acmhainne. | Sraith bheag modúl ag leibhéal ollscoile curtha ar fáil, i gcomhar leis an Ród seo Romhat. Meastóireacht ar sheachadadh píolótach agus moltaí maidir le forbairt sa todhchaí agus ábhair bhreise. | An Ród seo Romhat, na Coláistí | An Ród seo Romhat | Cur i bhfeidhm de réir an phlean tionscadail a bhaineann leis an Ród seo Romhat. Athbhreithniú stádais ag meántéarma. |
| **C4** Tréithe Céimithe a Chur i bhFeidhm. | A chinntiú go ndéantar tagairt do thréithe céimithe i ngach cáipéis clár agus go bhfuil eolas forleathan orthu seo i measc na mac léinn. Coláistí le tuairisciú ar a mhéid atá tréithe céimithe á gcur i bhfeidhm/ aghaidh á tabhairt orthu. Athbhreithniú ar ráitis Tréithe Céimithe bunaithe ar mheastóireacht agus aiseolas. | Ráitis achoimre ar chur i bhfeidhm Tréithe Céimithe. Meastóireacht, athbhreithniú agus moltaí maidir le ráitis Tréithe Céimithe a nuashonrú/a athbhreithniú amach anseo don chéad Straitéis Acadúil eile. | Na Coláistí, an Ród seo Romhat | Na Coláistí | Tuarascálacha na gcoláistí san áireamh sa fhreagra ar C2. Athbhreithniú ar Thréithe Céimithe ag deireadh na tréimhse straitéise 2026. |
| **C5** Scéim nuálaíochta Teagaisc & Curaclaim a chur i bhfeidhm. | Maoiniú beag a sholáthar do thionscadail atá bunaithe ar nuálaíocht i dteagasc, i bhfoghlaim, i ndearadh curaclaim, nó i measúnú. Cuirfidh an Ollscoil, na Coláistí, agus/ nó scéimeanna SATLE-LEPS/an Fhóraim Náisiúnta an maoiniú ar fáil. | Tuarascáil mheastóireachta ar an scéim. Sraith cás-staidéar/tuarascálacha gearra a chuimsíonn na tionscadail mhaoinithe. | DPR, CELT, an Coiste Teagaisc & Foghlama, na Leas-Déin, Comhaltas na Mac Léinn | DPR | Tuairisciú bliantúil. Ritheann ar feadh na tréimhse. Tuarascáil mheastói-reachta deiridh faoi dheireadh (2026). |





## iii) Measúnú

| Gníomh | Cur síos | Torthaí | Comhpháirtithe | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|---|
| **A1** Uirlis/ próiseas scóipe a fhorbairt do Choláistí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais mheasúnaithe ar na cláir ar fad. | Díriú ar mhapáil éifeachtach, thapa ar chleachtais reatha, agus ar chuir chuige nuálacha nó samplaí dea-fhorbartha de mheasúnú iontaofa a aithint. Léireoidh an uirlis raon cur chuige féideartha; méid, uainiú agus scála; béim ar ailíniú le torthaí foghlama; scóip le haghaidh measúnaithe comhtháite agus leibhéal an chláir; agus ról an mheasúnaithe san/don/ mar fhoghlaim. | Treoirleabhar agus uirlisí gaolmhara chun go bhféadfar athbhreithniú a dhéanamh agus chun deiseanna féideartha le haghaidh feabhsúcháin a aithint. | CELT, Oifig na Scrúduithe, an Rúnaí Acadúil, na Coláistí | CELT | Leagan tosaigh Márta 2023. |
| **A2** Coláistí chun cleachtais mheasúnaithe a athbhreithniú agus deiseanna féideartha le haghaidh feabhsúcháin nó athdhearadh a aithint. | Díreofar ar scóip chun cleachtas a fheabhsú, freagairt do dhúshláin phraiticiúla, agus forbairt sa todhchaí (seachas cleachtadh iniúchta ar scála mór). | Plean gníomhaíochta chun feabhsúchán nó feabhsú próisis a thabhairt isteach. Tuarascálacha ar chur i bhfeidhm píolótach gaolmhar. Cleachtais nua curtha i bhfeidhm i ngach Coláiste faoi dheireadh thréimhse na straitéise. | Na Coláistí | Na Coláistí | Na chéad ath-bhreithnithe curtha i gcrích faoin ath-bhreithniú meántéar-mach. |
| **A3** Feabhas a chur ar litearthacht measúnaithe agus aiseolais na mac léinn. | Tuiscint níos fearr a thabhairt do mhic léinn ar ról an mheasúnaithe ina gcuid foghlama féin agus an úsáid is fearr a bhaint as aiseolas i leith a gcuid oibre féin ar mhaithe le feabhas leanúnach. | | Na Coláistí/ Scoileanna/Cláir, CELT | Na Coláistí | Ar bhonn leanúnach. |
| **A4** Clár píolótach de phortfóilió foghlama an mhic léinn. | Is féidir le mic léinn ábhair a rinne siad a bhailiú agus a chomhordú le haghaidh measúnaithe, mar chuid dá dturas foghlama, trí obair thionscadail, agus trína gcumas agus a scileanna infhostaitheachta a thaispeáint. An togra reatha OneNote a úsáid mar chroítheicneolaíocht mar gheall go bhfuil sé ar fáil go forleathan. Breithneoidh an t-athbhreithniú inmharthanacht roghanna eile. | Struchtúr simplí portfóilió agus ceisteanna/uirlisí féinmhachnaimh leabaithe a dhearadh agus a fhorbairt. Tuarascáil ar chur i bhfeidhm le grúpaí píolótacha aitheanta. | CELT, na Leas-Déin/Coláistí, Comhaltas na Mac Léinn, Seirbhísí do Mhic Léinn, an Ród seo Romhat, Staidéar Iarchéime | CELT | An chéad teimpléad Meán Fómhair 2023. Céimeanna meastóireach-ta in 2024, 2025. |

| Gníomh | Cur síos | Torthaí | Comhpháirtithe | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|---|
| **A5** Polasaithe agus próisis maidir le sláine acadúil, bradail agus scrúduithe a athbhreithniú. | Breathnú ar threoirlínte QQI agus moltaí ábhartha eile ó NAIN agus ó ghrúpaí iomchuí maidir le réimse leathan na sláine acadúla a chur san áireamh sa mheasúnú agus rialacháin agus próisis chun measúnú a bhainistiú, lena n-áirítear scrúduithe, a athbhreithniú agus a nuashonrú. | Polasaí Sláine Acadúil. Oiliúint feasachta ar Shláine Acadúil do gach mac léinn (lena n-áirítear ábhar ar líne). Polasaí agus treoirlínte athbhreithnithe maidir le measúnú agus scrúduithe (lena n-áirítear ar líne, leabhar oscailte, praiticiúil, ó bhéal, etc.). Struchtúir/tacaíochtaí nua féideartha le haghaidh saincheisteanna Sláine Acadúla. | CELT, an Rúnaí Acadúil, Oifig na Scrúduithe, an Coiste Teagaisc & Foghlama, Staidéar Iarchéime | An Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla | Ábhair oiliúna feasachta arna bhforbairt faoi Nollaig 2021. Polasaí Sláine Acadúil críochnaithe faoi Iúil 2022. Tuilleadh forbartha agus athbhreithnithe thar thréimhse na straitéise. |
| **A5a** Smaoinigh ar scóip chun ardán bainistíochta measúnaithe a sholáthar. | Déan iniúchadh ar an gcás maidir le hardán measúnaithe/scrúdaithe lárnach ag aithint riachtanais acmhainní, idir-inoibritheachta agus na buntáistí féideartha a thairgtear. | Tuairiscigh leis an gcás leagtha amach. Córas nua chun bainistíocht níos éifeachtaí a dhéanamh ar mheasúnú – ag brath ar thoradh na tuarascála agus ar acmhainní. | Oifig na Scrúduithe, an Chlárlann, ISS, SDP, CELT, an Coiste Teagaisc & Foghlama | An Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla | Tuarascáil agus moltaí Iúil 2023. |

## Réimse Tosaíochta Straitéisí 2 – Ár bhFoireann a Fhorbairt & a Chumhachtú

| Gníomh | Cur síos | Torthaí | Comhpháirtithe | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|---|
| **D1** Creat maidir le forbairt ghairmiúil chuimsitheach a fhorbairt i gcleachtas acadúil. | An creat CELT reatha a athbhreithniú de réir forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta, chun solúbthacht agus modhanna rannpháirtíochta a fheabhsú, lena n-áirítear breithniú ar ghearrchúrsaí, ceardlanna, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) neamhfhoirmiúil, agus cáilíochtaí. Na cáilíochtaí agus na deiseanna CPD ar dhul chun cinn gairme/ardú céime a mhapáil. | Creat nua do CPD. Raon cúrsaí agus ábhar féinstaidéir, bealaí RPL, dintiúir dhigiteacha Mheasúnaithe RPL. | CELT an tIonad Forbartha Taighdeoirí, Staidéar Iarchéime, AD | Stiúrthóir CELT | Bealtaine 2023. |
| **D2** An líon a chláraíonn ar chláir agus ar chúrsaí CELT a mhéadú, lena n-áirítear deiseanna a chur ar fáil d'fhoireann ghairmiúil a thacaíonn le teagasc agus foghlaim. | Áiteanna breise a sholáthar ar chúrsaí CELT atá ann cheana, agus soláthar do dheiseanna nua CPD. Trí scóip a sholáthar don fhoireann ghairmiúil atá ag tacú le teagasc agus foghlaim, cuideofar le comhoibriú agus comhghleacaíocht a láidriú, chomh maith le comhthuiscint a chinntiú ar aidhmeanna agus ar chuir chuige oideachais. Beidh sé seo ag brath ar acmhainní foirne a bheith curtha ar fáil. | Líon agus coibhneas níos mó foirne le cáilíochtaí den sórt sin agus a bhfuil CPD críochnaithe acu. Deiseanna d'fhorbairt ghairmiúil agus oiliúint Foirne/Scoilbhunaithe. Cumas níos fearr d'fhorbairt amach anseo agus scóip níos fearr chun scoláireacht agus taighde sa teagasc agus san fhoghlaim a leathnú. | CELT, AD | DPR, CELT | |
| **D3** Ábhair oiliúna (agus tacaíocht) a sholáthar ar dhearadh agus bainistíocht curaclaim (C1, C1a) d'fhoirne cláir. | | | CELT, an Oifig Feabhais, an Chlárlann, na Coláistí | CELT | |
| **D4** A chinntiú go ndéantar oiliúint, CPD, ceannaireacht agus meantóireacht a chur san áireamh go cuí i samhlacha ualaigh oibre agus i bpleanáil/dul chun cinn gairme. | | | DPR, AD, na Coláistí | DPR | |
| **D5** An leas is fearr a bhaint as na buntáistí a bhaineann leis an Infheistíocht i gcórais faisnéise nua agus próisis riaracháin a shruthlíniú. | Aidhmeanna thionscadal Chonairí Digiteacha na Mac Léinn a chur i bhfeidhm, ag cloí lena líne ama agus a spriocanna. | Córais faisnéise nua-aimseartha, éifeachtúla agus éifeachtacha chun saolré na mac léinn, forbairt clár etc., a bhainistiú. | Foireann SDP, an Chlárlann, na Coláistí, Staidéar Iarchéime | Foireann SDP | |
| **D6** A chur ar chumas foirne cláir oibriú go cruthaitheach agus go comhoibritheach ina gcláir. | Oiliúint (D1, D2, D3) a chur ar fáil le cohóirt foirne agus ábhar agus acmhainní oiliúna a bheith ar fáil. Oiliúint a chuirfidh gnéithe dearaidh curaclaim san áireamh le deiseanna d'fhorbairt foirne agus ceannaireachta (AD) | Caighdeán níos fearr i ndearadh agus i gcomhordú clár agus comhghleacaíocht níos fearr. | CELT, AD, DPR | CELT | |
| **D7** Seimineáir, ceardlanna, agus comhdháil/ócáid bhliantúil ar Theagasc & Foghlaim a sholáthar. | Clár seimineár rialta a sholáthar i rith na bliana acadúla, ceardlanna ar leith, agus an Chomhdháil T&F bliantúil a athbhunú. | Feasacht níos mó ar phríomhcheisteanna T&F, comhroinnt cleachtais, comhoibriú, forbairt smaointe nua, scoláireacht sa réimse T&F a chur chun cinn. | CELT, an Coiste Teagaisc & Foghlama | CELT | Leanúnach. |
| **D8** Tacaíocht a sholáthar d'fhoireann agus d'fhoirne cláir a bhfuil sé mar aidhm acu múineadh trí Ghaeilge. | Oiliúint, Meantóireacht. | | Na Coláistí, Oifigeach na Gaeilge, an tAcadamh | Oifigeach na Gaeilge | |

## Réimse Tosaíochta Straitéisí 3 – Ár dTimpeallacht Teagaisc & Foghlama

| Gníomh | Cur síos | Torthaí | Comhpháirtithe | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|---|
| **E1** Grúpa Stiúrtha Spásanna Teagaisc & Foghlama (TLSSG) a bhunú. | Leanfaidh an grúpa le hobair na tuarascála Spásanna T&F, aithneofar tosaíochtaí nua, tabharfar comhairle agus ceannaireacht ar fhorbairtí maidir le huasghrádú, athchóiriú, dearadh agus feabhsú spásanna teagaisc agus foghlama ar fud na hinstitiúide. Tacóidh sé leis an gCoiste T&F agus beidh ballraíocht ann ó gach aonad agus réimse cuí san Ollscoil. | Tosaíocht straitéiseach agus comhordú forbairtí sa todhchaí i spásanna teagaisc agus foghlama (e.g. léachtlanna, seomraí ranga, saotharlanna, etc.). | CELT, na Coláistí, Foirgnimh & Eastáit, ISS, an Leabharlann, Seirbhísí do Mhic Léinn, Comhaltas na Mac Léinn | DPR/ Príomhoifigeach Oibriúcháin | Bunaithe faoi Eanáir 2022. |
| **E2** Plean gníomhaíochta costáilte a sholáthar do chlár céimnithe uasghráduithe, athchóirithe agus athdhearaidh ar na hionaid teagaisc agus deiseanna a aithint do spásanna foghlama/ staidéir/ grúpoibre. | An chéad phríomhghníomhaíocht de chuid an TLSSG (E1), ag díriú ar na spásanna fisiciúla agus ar na teicneolaíochtaí atá ar fáil sna hionaid. | Moltaí/plean gníomhaíochta costáilte. | CELT, na Coláistí, Foirgnimh & Eastáit, ISS, an Leabharlann, Seirbhísí do Mhic Léinn, Comhaltas na Mac Léinn | An Príomhoifigeach Oibriúcháin | |
| **E2a** Moltaí E2 a chur i bhfeidhm. | Ag brath ar bhuiséad a aithint/a chur ar fáil, ach ríthábhachtach do chaighdeán na taithí teagaisc agus foghlama. | Spásanna teagaisc uasghrádaithe den scoth. Raon méadaithe cur chuige oideolaíoch ar fáil. | Foirgnimh & Eastáit, CELT, ISS, an Coiste T&F, Comhaltas na Mac Léinn | Foireann Bainistíochta na hOllscoile (UMT) | |
| **E2b** Athfhorbairt phíolótach ar ionaid. | Mar chineál 'taispeántóir', ionad teagaisc amháin nó dhó (e.g. léachtlann) a aithint ar féidir iad a oiriúnú/a athdhearadh chun cineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama níos comhoibrithí agus níos rannpháirtí a éascú. | Taispeántóir/iona(i)d p(h)íolótacha ar fáil le haghaidh teagaisc agus foghlaim ghníomhach. | Foirgnimh & Eastáit, CELT, ISS, an Coiste T&F | Stiúrthóir CELT | |
| **E3** Ionad Foghlama/ Leabharlann Nua a chur ar fáil go rathúil. | A chinntiú go gcuirtear tionscadal an Ionaid Foghlama ar fáil. | Spás foghlama bunathraithí agus leabharlann nua a sholáthar i gcroílár an champais. | An Leabharlann, Foirgnimh & Eastáit, ISS, CELT, DPR | Foireann Thionscadal an Ionaid Foghlama/na Leabharlainne | Dátaí an Tionscadail. |

| Gníomh | Cur síos | Torthaí | Comhpháirtithe | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|---|
| **E4** Timpeallacht chuimsitheach foghlama digití a dhearadh bunaithe ar chroíshraith uirlisí agus teicneolaíochtaí a sholáthróidh creat inbhuanaithe d'oibríochtaí agus do nuálaíocht sa todhchaí. | Athbhreithniú le déanamh ar an tsraith reatha uirlisí lena n-áirítear an VLE, bainistíocht físeáin dhigitigh, bogearraí údaraithe idirghníomhacha, etc., agus príomhbheart/ sraith a roghnú. Comhtháthú iomchuí le córais eile (trí SDP), tréimhsí ceadúnais a ailíniú chun leanúnachas meántéarmach agus fadtéarmach a chinntiú, agus maoiniú riachtanach a fháil. | Sraith lárnach cuimsitheach, iomlánaíoch uirlisí agus teicneolaíochtaí, comhtháite le príomhchórais faisnéise agus a cheadaíonn raon leathan cineálacha cur chuige oideolaíocha agus modhanna seachadta clár. | CELT, ISS, Leas-Déin, an Coiste Teagaisc & Foghlama | CELT | Na huirlisí riachtanacha a leathnú go Meán Fómhair 2023. Ceadúnú ailínithe, croíshraith faighte, comhtháite le SDP don chéad fheidhmiú céimneach i Meán Fómhair 2023. |
| **E5** Forbairt ghairmiúil, tacaíocht, agus cumais léiriúcháin ilmheán a sholáthar d'aonaid acadúla agus d'fhoirne cláir. | Aitheantas a thabhairt don ghá le tacaíocht leanúnach d'áiseanna léiriúcháin ilmheán agus ról riachtanach na dTeicneoirí Foghlama/na bhForbróirí Ilmheán i dtacú le forbairt agus nuálaíocht teagaisc agus foghlama. Cláir oiliúna ábhartha a sholáthar (D1, D2, D3). | Róil agus leibhéil foirne iomchuí (conradh buan seachas conradh gearrthéarmach) chun tacú le Coláistí agus Scoileanna. Stiúideonna beaga breise, chomh maith le forbairt leanúnach ar áiseanna stiúideo atá ann cheana. | DPR, CELT, na Coláistí | DPR | Poist bhuana Coláiste a chinntiú Márta 2022. |

## Réimse Tosaíochta Straitéisí 4 – Ár bPobal agus lasmuigh de

| Gníomh | Cur síos | Torthaí | Comhpháirtithe | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|---|
| **W1** A chinntiú go gcothaíonn gach clár smaointeoireacht chriticiúil, fiontar agus cruthaitheacht, agus go bhfreastalaíonn an tréith céimithe ar riachtanais na mac léinn féin, iad siúd a bheadh ag iarraidh iad a fhostú, agus an tsochaí níos leithne. | Bainte amach trí raon gníomhaíochtaí sonracha, lena n-áirítear L1, L1a, L2, C1, C1a, C2, C3, C4, A4. Tá dlúthbhaint aige freisin le hobair an Ród seo Romhat. | Clú níos fearr ar chaighdeán ár gcéimithe. Sásamh agus feidhmíocht fheabhsaithe na mac léinn. | Na Coláistí, CELT, Seirbhísí do Mhic Léinn, an Leabharlann, an Ród seo Romhat | DPR | Leanúint le hathbhreithniú agus gníom-haíochtaí leanúnacha ar feadh ré na straitéise. |
| **W2** Deiseanna a thabhairt do mhic léinn iarrachtaí, tiomantas, scileanna agus taithí a thaispeáint trí dhámhachtainí comhchuraclaim agus seach-churaclaim. | Suaitheantais/dintiúir dhigiteacha, portfóilíónna pearsanta a úsáid, agus nasc leis an bhForlíonadh Dioplóma, nuair is féidir. Is cabhair iad seo ar fad – an Ród seo Romhat, Alive, an Gradam Infhostaitheachta, clár ceannaireachta LIFT, Seaimpíní Digiteacha, etc. Tógáil ar obair i ndáil le rannpháirtíocht shibhialta agus í a fheabhsú. | Raon leathan deiseanna laistigh agus lasmuigh de chúrsaí foirmiúla. Meastóireacht ar shuaitheantas agus ar phortfóilíónna. | An Ród seo Romhat, Seirbhísí do Mhic Léinn, CDC, CKI, Comhaltas na Mac Léinn, an Leabharlann, CELT, RDC, Staidéar Iarchéime | An Ród seo Romhat | De réir an phlean straitéiseach agus oibríochta maidir leis an Ród seo Romhat agus Straitéis Rathúlachta na Mac Léinn. |

| Gníomh | Cur síos | Torthaí | Comhpháirtithe | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|---|
| **W3** A chinntiú go léirítear inár dtairiscintí curaclaim agus comhchuraclaim do mhic léinn go gcomhlíontar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus gníomhartha eile a bhaineann leis an éigeandáil aeráide agus le dúshláin chomhshaoil agus shochaíocha eile. | Tugadh aghaidh orthu trí ghníomhartha eile a bhaineann le dearadh curaclaim, lena n-áirítear modúil ag leibhéal ollscoile a sholáthar, etc. (L3, C1, C1a, C2, C3, C4) | Taispeántas soiléir ar fud an churaclaim agus deiseanna eile chun aitheantas agus freagairt a thabhairt ar mhórdhúshláin shochaíocha agus chomhshaoil. Clú níos fearr ar ábharthacht ár gclár. | Na Coláistí & Scoileanna, CUSP, CELT, Seirbhísí do Mhic Léinn, an Leabharlann, an Ród seo Romhat, Comhaltas na Mac Léinn | DPR | Le linn ré na straitéise. |
| **W4** Naisc a neartú le alumni, institiúidí comhpháirtíoch-ta, earnálacha an ghnó agus na tion-sclaíochta, seirbhísí poiblí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus comhlachtaí gairmiúla. | Comhpháirtíochtaí doimhne, comhoibritheacha, socrúcháin mac léinn, comhchruthú curaclaim, cláir maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach a fheabhsú agus a fhorbairt agus tacú le rannpháirtíocht sa dioscúrsa poiblí. Baintear amach é trí roinnt gníomhartha lena n-áirítear C1, C2, C4 agus trí ghrúpaí idirchaidrimh fostóirí/tionscail/ na hearnála poiblí/ comhlachtaí gairmiúla a bhunú agus ionadaíocht, nuair is iomchuí, ar bhoird agus ar choistí. San áireamh i mbailíochtú clár agus in athbhreithnithe feabhais. | Naisc shoiléire láidre idir cláir agus an tsochaí/ geilleagar níos leithne. | Na Coláistí, Scoileanna, Disciplíní. CDC, an Leas-Uachtarán don Rannpháirtíocht, an Oifig Feabhais, an Leas-Uachtarán Taighde, CALPD | | Le linn ré na straitéise. |
| **W4a** An curaclam a idirnáisiúnú ag úsáid éagsúlacht chultúrtha sa teagasc. | Curaclam a dhíchoilíniú chun a chinntiú go bhfuil an teagasc ábhartha ar fud an domhain. | Comhthéacsanna idirnáisiúnta a neartú i ngach clár. | Global Galway/ na Coláistí/ Scoileanna | An Leas-Uachtarán Idirnáisiúnta/na Coláistí | Le linn ré na straitéise agus de réir straitéis Global Galway. |
| **W5** Rannpháirtíocht mac léinn agus foirne i gcom-hpháirtíochtaí idirnáisiúnta, malartú agus socrúcháin a chur chun cinn agus a spreagadh. | Tógáil ar chomhpháirtíochtaí atá ann cheana (ENLIGHT, Grúpa Coimbra, comhghuailliochtaí taighde, Erasmus+, etc.) chun naisc idirnáisiúnta agus meon i dtreo comhoibrithe agus peirspictíocht idirnáisiúnta/ dhomhanda a neartú. | Foireann agus mic léinn a nascadh le líonraí idirnáisiúnta agus le margaí earcaíochta. | Global Galway, an Oifig Erasmus, an Oifig Idirnáisiúnta, an Oifig Taighde, Staidéar Iarchéime, na Coláistí | An Leas-Uachtarán Idirnáisiúnta | De réir na bpleananna do Global Galway, ENLIGHT, agus tionscnaimh ghaolmhara eile. Le linn ré na straitéise. |
| **W6** Cultúr fáilteach a chruthú don fhoireann agus do mhic léinn ó chúlraí agus ó chultúir éagsúla agus luach a léiriú ar a rannpháirtíocht sa timpeallacht foghlama. | Ardú feasachta agus oiliúna a sholáthar ar chomhbhá, éagsúlacht agus cumarsáid idirchultúrtha. Deiseanna a lorg do mhic léinn ionas go bhfaighidh siad taithí/ peirspictíocht idirnáisiúnta/ dhomhanda. Ceangailte freisin le C1b, C3, C4, W3, W5 | Cláir oiliúna, imeachtaí, agus leabú gnéithe ábhartha laistigh de chláir. | Global Galway. An Leas-Uachtarán Idirnáisiúnta, DPR, Déan na Mac Léinn, na Coláistí, Comhaltas na Mac Léinn, Staidéar Iarchéime | An Leas-Uachtarán Idirnáisiúnta | Le linn ré na straitéise. |





| Gníomh | Cur síos | Torthaí | Comhpháirtithe | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|---|
| **W6a** Tacaíochtaí riachtanacha a sholáthar chun a chinntiú go mbaineann comhaltaí foirne agus mic léinn idirnáisiúnta barr a gcumais amach. | Cuidiú le comhaltaí foirne agus le mic léinn idirnáisiúnta a bheith san iomaíocht ag an leibhéal céanna lena gcomhghleacaithe. | Clár nua a áireamh sa Scéim Polasaí Breisoideachais. Níos mó ar fáil i mBéarla chun críocha acadúla. | An Oifig Idirnáisiúnta, AD | An Leas-Uachtarán Idirnáisiúnta | |
| **W7** Deiseanna a thabhairt do mhic léinn leas a bhaint as gnéithe sainiúla na Gaillimhe agus an réigiúin. | Bainte amach trí ghníomhartha eile, lena n-áirítear gnéithe ábhartha den churaclam: C2, C3, W2 agus W6. Raon na gcúrsaí a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge a leathnú agus deiseanna a chur ar fáil do gach duine ar mian leo an Ghaeilge a fhoghlaim nó a fheabhsú. | | Na Coláistí & Scoileanna, Oifigeach na Gaeilge, an Ród seo Romhat, CUSP | Na Coláistí | |
| **W8** A chinntiú go mbíonn deis ag céimithe tabhairt faoi bhreisoiliúint go leanúnach trí mhodhanna solúbtha foghlama. | Raon na gcúrsaí a chuirtear ar fáil ar mhodh solúbtha a leathnú do chéimithe agus do chomhpháirtithe tionscail. | Raon leathan deiseanna cúrsa ar fáil trí struchtúir chúrsa sholúbtha agus modhanna seachadta. | Na Coláistí, Scoileanna, Disciplíní, CALPD | Na Coláistí | Le linn ré na straitéise. |

## Réimse Tosaíochta Straitéisí 5 – Treisiú Cáilíochta

| Gníomh | Cur síos | Torthaí | Comhpháirtithe | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|---|
| **Q1** Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Dearbhaithe Cáilíochta atá ann cheana agus gníomhartha a éiríonn as a chur i bhfeidhm. | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat foriomlán, lena n-áirítear creat polasaithe agus nósanna imeachta. | Creat Cáilíochta Athbhreithnithe, agus na ceanglais chuí á gcomhlíonadh go hiomlán (e.g. Bologna, QQI, reachtaíocht cháilíochta, creataí earnála). Creat Polasaithe agus Nósanna Imeachta Feabhsaithe. | An Oifig Feabhais | An Stiúrthóir Feabhais | Athbhreithniú curtha i gcrích faoi Mhárta 2024. |
| **Q2** Cáilíocht ár n-oideachais a neartú chun clár barr feabhais oideolaíoch a sholáthar a nascann go ciallmhar lenár dtaighde. | Róil acadúla a shainiú chun dea-theagasc a áireamh seachas díreach saineolas acadúil agus neart taighde amháin. A chinntiú go bhfuil barr feabhais sa teagasc mar chuid lárnach d'fhorbairt ghairmiúil acadúil leanúnach. A chinntiú go dtugtar aitheantas do bharr feabhais sa teagasc mar thosaíocht. | Fócas méadaithe ar chaighdeán an teagaisc. Deiseanna méadaithe d'fhorbairt ghairmiúil sa teagasc. Barr feabhais sa teagaisc a aithint mar thosaíocht. | CELT, DPR, an Oifig Feabhais | DPR | Leanúnach ar feadh ré na straitéise. |

| Gníomh | Cur síos | Torthaí | Comhpháirtithe | Freagracht | Tréimhse |
|---|---|---|---|---|---|
| **Q3** Comhpháirtíocht mac léinn a spreagadh agus a neartú in athbhreithniú feabhais, dearadh curaclaim, agus ar choistí cuí. | Ionadaíocht agus comhpháirtíocht mac léinn a leabú, nuair is cuí, i ndearadh, feidhmiú agus athbhreithniú clár, lena n-áirítear an rannpháirtíocht sa scéim Ionadaithe Ranga, coistí idirchaidrimh foirne-mac léinn, etc. a mhéadú. | Mothú comhpháirtíochta níos fearr. Aithnítear guth na mac léinn mar phríomhionchur i gcinnteoireacht. | An Oifig Feabhais, Déan na Mac Léinn, Comhaltas na Mac Léinn, na Coláistí & Scoileanna, an Déan Staidéir Iarchéime | An Stiúrthóir Feabhais/DPR | Leanúnach ar feadh ré na straitéise. |
| **Q4** A chinntiú go bhfuil sraith próiseas oiriúnach ag an Ollscoil le haghaidh meastóireachta agus aiseolais, lena n-áirítear tuairisciú lárnach ar thorthaí aiseolais mac léinn. | Tuarascálacha achoimre le cur ar fáil go bliantúil d'Oifig DPR agus le breithniú ag an gCoiste T&F. Breithniú ar an bhféidearthacht le huirlis suirbhéireachta a sholáthar trí SDP. | Forbhreathnú soiléir ar shaincheisteanna a ardaíodh agus na gníomhaíochtaí a tháinig astu, agus pictiúr leathan ag leibhéal na hinstitiúide. Ionstraim shuirbhéireachta fhéideartha curtha ar fáil do Scoileanna/Coláistí. | DPR, na Coláistí & Scoileanna, Leas-Déin T&F, Comhaltas na Mac Léinn, an Oifig Feabhais | DPR | |
| **Q5** Tacú le bainistíocht na hOllscoile, foireann, Coláistí, agus aonaid chun páirt a ghlacadh agus teagmháil a dhéanamh le líonraí náisiúnta agus Eorpacha, comhlachtaí ionadaíocha, agus coistí agus boird iomchuí i réimsí an teagaisc agus na foghlama, an fheabhais, agus na forbartha straitéise/polasaí. | Áirítear leis seo teagmháil le grúpaí agus comhlachtaí a bhunaigh an IUA, EUA, HEA, QQI, agus an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta & Foghlama, i dteannta le dreamanna ábhartha eile a bhaineann leis an raon seirbhísí agus disciplíní laistigh den institiúid. Tabharfar faoi athbhreithniú ar ionadaíocht den sórt sin agus ar ghealltanais tosaíochta a aithint agus ar ghnéithe ualaigh oibre/sceidealaithe/ionadaíochta a bhreithniú. | Dlúthpháirtíocht le forbairt straitéise agus polasaí ag leibhéal earnála, náisiúnta agus Eorpach. Bainistíocht eolasach agus nasctha ar fud na hinstitiúide, a bhfuil an cumas aici freagairt do dheiseanna, do threochtaí agus d'fhorbairtí nua. | UMT, Aonaid agus oifigí gairmiúla, na Coláistí | DPR | Leanúnach ar feadh ré na straitéise. |







"Tá teagasc den scoth bunaithe ar fhéinfhorbairt agus ar mhachnamh leanúnach, ar fheabhsú an chumais teagaisc trí fhoghlaim leanúnach."

# Straitéis Acadúil
*Teagasc & Foghlaim*

2021 - 2026

Oifig an Uachtaráin Ionaid & Meabhránaí
E: meabhranai@ollscoilnagaillimhe.ie